Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

RÁITEAS NUACHTA **6 Feabhra 2017**

Tionól na nDéise 2017 ar ais sa Rinn mar chuid de Thionól Niocláis Tóibín

Tionól na nDéise series of talks returns to An Rinn

Beidh an chéad chaint i sraith imeachtaí **Thionól na nDéise 2017** de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, ar siúl i Rinn Ó gCuanach ar an **Satharn, 18 Feabhra ag a 3.00i.n. i gColáiste na Rinne.** Reachtáilfear an Tionól mar chuid de chlár imeachtaí Thionól Niocláis Tóibín, féile deireadh seachtaine a bheidh ar siúl sa Rinn ón 17-19 Feabhra.

Sé an **tOllamh Pádraig Ó Macháin,** atá ina Cheann Roinne i Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Chorcaí, a bheidh i mbun cainte ag Tionól na nDéise an babhta seo. Labharfaidh An tOllamh Ó Macháin faoin dteideal "***Pádraig Ó Miléadha agus an Fiannaidhe Fáin***", agus é ag díriú isteach ar oidhreacht file agus scríbhneoir cáiliúil na nDéise, Phádraig Uí Mhiléadha, a d'fhág seoda luachmhara filíochta agus amhránaíochta ina dhiaidh, ar nós *Sliabh Geal gCua* agus *Trí Glúine Gaedheal.*

Ceapadh Pádraig Ó Macháin, arbh as an Lios Mór dó ó dhúchas, ina Ollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh sa mbliain 2012. Bhí sé mar Ollamh i Scoil an Léinn Cheiltigh , Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath roimhe san. Tá an-chur amach ag Pádraig ar chúrsaí agus ar thraidisiúin na lámhscríbhinní sa tír seo, maraon le stair an leabhair in Éirinn agus an-chuid foilsithe aige sa réimse taighde seo.

B'é Pádraig a bhunaigh agus a stiúraigh an tionscadail digitithe *Irish Script on Screen (ISOS)* in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina eagarthóir agus foilsitheoir ar dhá iris chomh maith: *Ossory Laois and Leinster,* agus *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise.*

Sraith chainteanna is ea **Tionól na nDéise**, a eagraíonn Oifig na Gaeilge de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in áiteanna éagsúla ar fud an chontae gach bliain. Tá Tionól na nDéise na Rinne á eagrú i gcomhar le lucht eagraithe Thionól Niocláis Tóibín agus tá sé mar chuid de chlár iomlán imeachtaí ceoil, amhránaíochta agus scléipe a bheidh ar siúl sa Rinn thar an deireadh seachtaine ar fad.

Mar sin, beidh fáilte roimh gach aoinne chuig Coláiste na Rinne ar an Satharn, 18 Feabhra ar a 3.00i.n. don ócáid saor in aisce seo, ag a ndéanfar cheiliúradh ar ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár stair dhúchasach.

Waterford City & County Council's first **Tionól na nDéise** of 2017 will take place in An Rinn on **Saturday, 18 February at 3.00pm in Ring College**. It is being organised as part of the

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Tionól Niocláis Tóibín weekend-long festival of traditional music and song, which will take place in An Rinn from the 17-19 February.

The guest speaker for Tionól na nDéise na Rinne will be **Professor Pádraig Ó Macháin**, Head of the Department of Modern Irish, UCC. Professor Ó Macháin will speak on the theme of "***Pádraig Ó Miléadha agus an Fiannaidhe Fáin***" [*Pádraig Ó Miléadha and the Wandering Fenians]* and he will examine the rich cultural legacy of the famous Irish language poet and writer, Pádraig Ó Miléadha from Sliabh gCua, who left us such wonderful compositions as '*Sliabh Geal gCua'* and *'Trí Glúine Gaedheal'*.

A native of Lismore, Co. Waterford, Pádraig Ó Macháin was appointed Professor of Modern Irish at UCC in 2012, having formerly held the position of Professor in the School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. Research interests include Irish palaeography, Irish manuscript tradition, and the history of the Irish book, on which he publishes extensively.

Pádraig was responsible for establishing and directing the Irish Script on Screen (ISOS) digitization project at the Dublin Institute for Advanced Studies. He also edits and publishes two journals that reflect these interests: *Ossory Laois and Leinster,* and *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise.*

Tionól na nDéise is a series of talks organised each year by the Irish Office of Waterford City & County Council. This event is being organised in conjunction with the organisers of Tionól Nioclás Tóibín, and forms part of a busy weekend programme of events, including music and singing workshops, concerts and trad sessions.

Therefore, all are welcome to attend this free event, Tionól na nDéise in Ring College on Saturday, 18 February @ 3.00pm, where we will celebrate our rich Irish language culture and heritage.

-ends-

Further information:

Máire Seosaimhín Breathnach, Irish Officer, Waterford City & County Council
Tel: 0761 10 2884 **E-mail:** msbreathnach@waterfordcouncil.ie